*Uimhir* 44 *de* 2001

# An tAcht um Chiste Oidhreachta, 2001

[*An tiontú oifigiúil*]

*Uimhir* 44 *de* 2001

# AN tACHT UM CHISTE OIDHREACHTA, 2001

[*An tiontú oifigiúil*]

RIAR NA nALT


CUID 1

Réamhráiteach agus Ginearálta

Alt

1. Gearrtheideal agus tosach feidhme.
2. Léiriú.

CUID 2

An Ciste

3. An Ciste.
4. Íocaíochtaí isteach sa Chiste.
5. An Ciste gan a bheith le húsáid chun aon chríoch eile.
6. Bronntanais.
7. Íocaíochtaí as an gCiste.
8. Tuarascáil bhliantúil.

CUID 3

An Chomhairle

9. An Chomhairle.
10. Cruinnithe agus nós imeachta.
11. Comhaltaí na Comhairle do nochtadh leasanna áirithe.
12. Toirmeasc ar nochtadh neamhúdaraithe faisnéise.
13. Pionóis.

Na hAchtanna dá dTagraítear

| | |
|---|---|
| Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2001 | |
| An tAcht Cóipchirt agus Ceart Gaolmhar, 2000 | 2000, Uimh. 28 |

*Uimhir* 44 *de* 2001

# AN tACHT UM CHISTE OIDHREACHTA, 2001

[*An tiontú oifigiúil*]

ACHT DO CHUR ACMHAINNÍ AIRGEADAIS BREISE AR FÁIL CHUN RUDAÍ OIDHREACHTA A FHÁIL AGUS, CHUN NA CRÍCHE SIN, DO DHÉANAMH SOCRÚ CHUN CISTE A BHUNÚ AR A dTABHARFAR AN CISTE OIDHREACHTA AGUS DO DHÉANAMH SOCRÚ CHUN COMHLACHT A BHUNÚ AR A dTABHARFAR *THE COUNCIL OF NATIONAL CULTURAL INSTITUTIONS* NÓ, SA GHAEILGE, AN CHOMHAIRLE UM FHORAIS CHULTÚIR NÁISIÚNTA.

[10 *Nollaig* 2001]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

## CUID 1

### Réamhráiteach agus Ginearálta

**1.—**(1) Féadfar an tAcht um Chiste Oidhreachta, 2001 a ghairm den Acht seo. Gearrtheideal agus tosach feidhme.

(2) Tiocfaidh an tAcht seo i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire le hordú nó le horduithe i gcoitinne nó faoi threoir aon chríche nó forála áirithe agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh amhlaidh chun críocha éagsúla agus le haghaidh forálacha éagsúla.

**2.—**(1) San Acht seo— Léiriú.

ciallaíonn "Acht 2000" an tAcht Cóipchirt agus Ceart Gaolmhar, 2000;

tá le "Comhairle" an bhrí a shanntar dó le *halt 9*;

ciallaíonn "foras incháilithe"—

(*a*) an Chartlann Náisiúnta,

(*b*) Dánlann Náisiúnta na hÉireann,

(*c*) Leabharlann Náisiúnta na hÉireann,

(*d*) an Músaem Náisiúnta Eolaíochta agus Ealaíne, nó

(*e*) Áras Nua-Ealaíne na hÉireann;

tá le “Ciste” an bhrí a shanntar dó le *halt 3(1)*;

ciallaíonn “rud oidhreachta”—

(*a*) aon rud nó aon bhailiúchán rudaí (lena n-áirítear rudaí seandálaíochta, agus rudaí a bhaineann leis na healaíona maisiúla, leis na heolaíochtaí aiceanta, leis an stair, le tionscal nó le nósanna daoine),

(*b*) aon leabhar (de réir bhrí alt 198 d’Acht 2000), nó aon lámhscríbhinn, ábhar eile nó cuid de nó di,

(*c*) aon saothar ealaíne (de réir bhrí alt 2 d’Acht 2000),

(*d*) cóipcheart in aon saothar (de réir bhrí alt sin 2), nó

(*e*) aon rud nó ábhar den tsamhail sin,

a mheasann Stiúrthóir nó Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin, de réir mar a bheidh, forais incháilithe (nó duine eile a bheidh, de thuras na huaire, ag comhlíonadh feidhmeanna Stiúrthóra nó Príomh-Oifigigh Feidhmiúcháin, de réir mar is cuí, i ndáil le foras incháilithe) gur cuí é nó í a chur i mbailiúchán an fhorais incháilithe lena mbaineann (nó i gcás cóipchirt i saothar, gur cuí don fhoras incháilithe lena mbaineann é a fháil), agus is rud, bailiúchán rudaí, lámhscríbhinn, leabhar, ábhar (nó i gcás chóipcheart i saothar a fháil, is saothar) atá, i dtuairim na Comhairle, ina eiseamláir nó ina heiseamláir shuntasach dá chineál nó dá cineál agus dearscnaitheach ina aicme nó ina haicme;

ciallaíonn “Aire” an tAire Ealaíon, Oidhreachta, Gaeltachta agus Oileán.

(2) San Acht seo—

(*a*) aon tagairt d’alt, is tagairt í d’alt den Acht seo mura gcuirtear in iúl gur tagairt d’achtachán éigin eile atá beartaithe,

(*b*) aon tagairt d’fho-alt nó do mhír, is tagairt í d’fho-alt nó do mhír den fhoráil ina bhfuil an tagairt, mura gcuirtear in iúl gur tagairt d’fhoráil éigin eile atá beartaithe, agus

(*c*) aon tagairt d’aon achtachán, is tagairt í don achtachán sin arna leasú, arna leathnú nó arna oiriúnú le haon achtachán nó faoi aon achtachán dá éis sin (lena n-áirítear an tAcht seo), cibé acu a ritear é roimh an Acht seo a rith nó dá éis.

## CUID 2

## An Ciste

An Ciste.

**3.—**(1) Ar theacht i ngníomh don alt seo, beidh arna bhunú ciste ar a dtabharfar an Ciste Oidhreachta agus dá ngairtear “an Ciste” san Acht seo.

(2) Is é a bheidh sa Chiste cibé cuntais a chinnfidh an tAire Airgeadais, tar éis dul i gcomhairle leis an Aire.

(3) A luaithe is féidir, ach tráth nach déanaí ná 3 mhí tar éis dheireadh na bliana airgeadais 2001 agus gach bliana airgeadais dá éis sin, déanfaidh an tAire—

(*a*) cuntais an Chiste a ullmhú, sa Ghaeilge agus sa Bhéarla, agus

(*b*) na cuntais sin, sna teangacha sin, a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena n-iniúchadh,

agus cuirfidh an tAire faoi deara go ndéanfar cóip d'achomaireacht sna teangacha sin de na cuntais arna n-iniúchadh amhlaidh, mar aon le cóip den tuarascáil ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste orthu, a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas tráth nach déanaí ná 3 mhí tar éis don Aire an tuarascáil sin a fháil.

(4) Gan dochar do na feidhmeanna a thugtar don Aire leis an Acht seo, déanfaidh an tAire Airgeadais an Ciste a bhainistiú.

(5) Déanfaidh an tAire Airgeadais airgead a bheidh chun creidiúna don Chiste agus nach mbeidh ag teastáil, de thuras na huaire, chun íocaíochtaí as an gCiste a dhéanamh faoi *alt 7*, a infheistiú—

(*a*) i cibé urrúis (seachas scaireanna i gcuideachta) is cuí leis nó léi, nó

(*b*) tríd an airgead a thaisceadh i bhforas creidmheasa,

in airgeadra an Stáit, bíodh sé laistigh den Stát nó ná bíodh.

(6) Féadfaidh an tAire Airgeadais ó am go ham dá rogha féin aon infheistíochtaí a bheidh déanta aige nó aici faoi *fho-alt (5)* a athrú nó a dhíol.

(7) Íocfar isteach sa Chiste an t-ioncam uile a gheobhaidh an tAire Airgeadais ar infheistíochtaí a dhéanfaidh sé nó sí faoi *fho-alt (5)* nó *(6)* agus na fáltais ó aon infheistíochtaí den sórt sin a dhíol.

(8) San alt seo—

ciallaíonn "cuideachta"—

(*a*) cuideachta de réir bhrí Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2001, nó

(*b*) cuideachta atá corpraithe faoi dhlí áite seachas an Stát;

tá le "foras creidmheasa" an bhrí chéanna atá leis i Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Maoirseacht Chomhdhlúite ar Fhorais Chreidmheasa), 1992 (I.R. Uimh. 396 de 1992).

**4.—**(1) Íocfaidh an tAire na suimeanna seo a leanas isteach sa Chiste as airgead a sholáthróidh an tOireachtas— Íocaíochtaí isteach sa Chiste.

(*a*) suim £3,000,000 (€3,809,214), sa bhliain airgeadais 2001,

(*b*) suim £2,000,000 (€2,539,476), i ngach ceann de na blianta airgeadais 2002, 2003 agus 2004, agus

(*c*) suim £1,000,000 (€1,269,738), sa bhliain airgeadais 2005.

(2) Íocfaidh an tAire isteach sa Chiste—

(*a*) méid aon bhronntanais airgid a bheidh glactha aige nó aici faoi *alt 6*,

(*b*) na fáltais ó dhíol nó ó dhiúscairt eile a dhéanamh ar aon bhronntanas talún nó maoine eile a bheidh glactha aige nó aici faoi *alt 6* agus a dhíolfar, nó a dhiúscrófar ar shlí eile, faoin alt sin.

An Ciste gan a bheith le húsáid chun aon chríoch eile.

**5.**—Ní úsáidfear airgead a bheidh chun creidiúna don Chiste chun aon chríoch seachas na críocha sin a shonraítear san Acht seo.

Bronntanais.

**6.**—(1) Ar mholadh ón gComhairle, féadfaidh an tAire bronntanas airgid a ghlacadh, arb é an cuspóir atá lena thabhairt é a dhul chun sochair don Chiste, ar cibé iontaobhais nó coinníollacha (más ann) a shonróidh an deontóir.

(2) Ar mholadh ón gComhairle, féadfaidh an tAire, le toiliú an Aire Airgeadais, bronntanas talún nó maoine eile a ghlacadh, arb é is cuspóir lena thabhairt a chumasú don Stát a luach a réadú chun sochair don Chiste, ar cibé iontaobhais nó coinníollacha (más ann) a shonróidh an deontóir.

(3) Ní ghlacfaidh an tAire bronntanas airgid, talún nó maoine eile dá mbeadh na hiontaobhais nó na coinníollacha atá ag gabháil leis ar neamhréir le feidhmeanna an Aire nó an Aire Airgeadais faoin Acht seo.

(4) Déanfaidh an tAire, i cibé modh a chinnfidh sé nó sí, le toiliú an Aire Airgeadais, aon talamh nó maoin eile a bheidh glactha mar bhronntanas faoin alt seo a dhíol nó a dhiúscairt ar shlí eile.

(5) Ní dhéanfaidh aon ní san alt seo dochar d'aon chumhacht atá ag an Aire (seachas cumhacht faoin alt seo) bronntanas airgid, talún nó maoine eile a ghlacadh.

Íocaíochtaí as an gCiste.

**7.**—(1) Faoi réir *fho-alt (2)*, féadfaidh an tAire, ar mholadh ón gComhairle, cibé méid airgid a chinnfidh sé nó sí a íoc as an gCiste chun an caiteachas arna thabhú ag ceannach rud oidhreachta a ghlanadh, go hiomlán nó go páirteach, i gcás gur cuí leis nó léi déanamh amhlaidh.

(2) Ní dhéanfar aon íocaíocht as an gCiste chun críche a shonraítear i *bhfo-alt (1)* más lú, i dtuairim an Aire, margadhluach cóir an ruda oidhreachta lena mbaineann ná—

(*a*) £250,000 (€317,435), nó

(*b*) cibé méid is mó ná sin a shonrófar le hordú ón Aire, arna dhéanamh le toiliú an Aire Airgeadais.

(3) Is leis an duine a thabhaigh nó a thabhóidh an caiteachas lena mbaineann nó, de réir mar a bheidh, a thabhaigh nó a thabhóidh an dliteanas chun an caiteachas sin a ghlanadh, a dhéanfar aon íocaíocht airgid as an gCiste.

(4) Ní dhéanfar íocaíochtaí as an gCiste ach amháin le toiliú an Aire Airgeadais.

(5) Féadfar le hordú faoi *fho-alt (2)(b)* méideanna éagsúla a shonrú i leith aicmí éagsúla rudaí oidhreachta.

Tuarascáil bhliantúil.

**8.—**A luaithe is féidir, ach tráth nach déanaí ná 3 mhí tar éis dheireadh na bliana airgeadais 2001 agus gach bliana airgeadais dá éis sin, ullmhóidh an tAire tuarascáil, sa Ghaeilge agus sa Bhéarla, maidir le hoibriú an Chiste le linn na bliana airgeadais sin agus cuirfidh sé nó sí faoi deara cóipeanna den tuarascáil sin a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas agus a fhoilsiú.

## CUID 3

### An Chomhairle

An Chomhairle.

**9.—**(1) Ar theacht i ngníomh don Acht seo, beidh arna bhunú comhlacht ar a dtabharfar *the Council of National Cultural Institutions* nó, sa Ghaeilge, an Chomhairle um Fhorais Chultúir Náisiúnta (dá ngairtear "an Chomhairle" san Acht seo).

(2) Is iad na comhaltaí seo a leanas a bheidh ar an gComhairle, is é sin le rá—

(*a*) Stiúrthóir an Mhúsaeim Náisiúnta Eolaíochta agus Ealaíne,

(*b*) Stiúrthóir Leabharlann Náisiúnta na hÉireann,

(*c*) Stiúrthóir Dhánlann Náisiúnta na hÉireann,

(*d*) Stiúrthóir na Comhairle Ealaíon,

(*e*) Príomhfheidhmeannach na Comhairle Oidhreachta,

(*f*) Stiúrthóir agus Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin Chuideachta Áras Nua-Ealaíne na hÉireann Teoranta,

(*g*) Stiúrthóir Chuideachta an Cheolárais Náisiúnta Teoranta,

(*h*) Stiúrthóir Leabharlann Chester Beatty,

(*i*) Stiúrthóir Ealaíne na Cuideachta Amharclann Náisiúnta Teoranta, agus

(*j*) Stiúrthóir na Cartlainne Náisiúnta.

Cruinnithe agus nós imeachta.

**10.—**(1) Tionólfaidh an Chomhairle cibé cruinnithe agus cibé líon cruinnithe is gá chun a feidhmeanna a chomhlíonadh go cuí.

(2) Ag cruinniú den Chomhairle, déanfaidh na comhaltaí den Chomhairle a bheidh i láthair duine dá líon a roghnú chun bheith ina chathaoirleach nó ina cathaoirleach ar an gcruinniú.

(3) Is le tromlach vótaí na gcomhaltaí den Chomhairle a bheidh i láthair agus a vótálfaidh ar an gceist a chinnfear gach ceist a mbeidh breith le tabhairt ina taobh ag cruinniú den Chomhairle agus, i gcás comhionannais vótaí, beidh an dara vóta nó vóta réitigh ag cathaoirleach an chruinnithe.

(4) Féadfaidh an Chomhairle gníomhú d'ainneoin folúntais amháin nó níos mó a bheith i measc a comhaltaí.

(5) Faoi réir fhorálacha an Achta seo, rialálfaidh an Chomhairle a nósanna imeachta le rialacha nó ar shlí eile.

(6) 6 is córam do chruinniú den Chomhairle.

Comhaltaí na Comhairle do nochtadh leasanna áirithe.

**11.**—(1) I gcás go mbeidh breith i dtaobh ní le tabhairt ag an gComhairle ag cruinniú den Chomhairle, aon chomhalta den Chomhairle a bheidh i láthair ag an gcruinniú agus a bhfuil leas aige nó aici sa ní ar shlí eile seachas ina cháil nó ina cáil mar chomhalta den sórt sin, nó mar Stiúrthóir, Stiúrthóir Ealaíne, Príomhfheidhmeannach nó Stiúrthóir agus Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin (de réir mar a bheidh) comhlachta nó forais dá dtagraítear in *alt 9*—

(*a*) nochtfaidh sé nó sí don Chomhairle ag an gcruinniú go bhfuil an leas sin aige nó aici agus nochtfaidh sé nó sí cineál an leasa,

(*b*) ní imreoidh sé nó sí tionchar, ná ní fhéachfaidh sé nó sí le tionchar a imirt, ar bhreith a bheidh le tabhairt i ndáil leis an ní,

(*c*) fanfaidh sé nó sí as láthair ón gcruinniú ag an bpointe sin den chruinniú ar lena linn a phléitear an ní,

(*d*) ní ghlacfaidh sé nó sí aon pháirt in aon bhreithniú a dhéanfaidh an Chomhairle i ndáil leis an ní, agus

(*e*) ní vótálfaidh sé nó sí ar bhreith a bhaineann leis an ní.

(2) I gcás go nochtfar leas de bhun an ailt seo, déanfar an nochtadh a thaifeadadh i miontuairiscí an chruinnithe lena mbaineann agus, fad a bheidh an cruinniú ag déileáil leis an ní lena mbaineann an nochtadh, ní áireofar an comhalta a rinne an nochtadh sa chóram don chruinniú.

(3) I gcás go n-éireoidh ceist ag cruinniú den Chomhairle i dtaobh arbh ionann nó nárbh ionann iompar áirithe ag comhalta den Chomhairle, dá ndéanfadh sé nó sí dá réir, agus mainneachtain aige nó aici ceanglais *fho-alt (1)* a chomhlíonadh, féadfaidh cathaoirleach an chruinnithe an cheist a chinneadh, agus is breith chríochnaitheach an bhreith uaidh nó uaithi, agus i gcás go gcinnfear ceist den sórt sin amhlaidh, déanfar sonraí an chinnidh a thaifeadadh i miontuairiscí an chruinnithe.

(4) Aon duine a sháróidh an t-alt seo, beidh sé nó sí ciontach i gcion.

Toirmeasc ar nochtadh neamhúdaraithe faisnéise.

**12.**—(1) Ní dhéanfaidh duine faisnéis rúnda a gheobhaidh sé nó sí le linn dó nó di dualgais a chomhlíonadh mar chomhalta den Chomhairle a nochtadh (seachas do chomhlacht nó d'fhoras dá dtagraítear in *alt 9* agus ar Stiúrthóir, Stiúrthóir Ealaíne, Príomhfheidhmeannach nó Stiúrthóir agus Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin air é nó í, de réir mar a bheidh) mura mbeidh sé nó sí údaraithe go cuí ag an gComhairle chun déanamh amhlaidh.

(2) Aon duine a sháróidh *fo-alt (1)*, beidh sé nó sí ciontach i gcion.

(3) San alt seo folaíonn "faisnéis rúnda"—

(*a*) faisnéis a mbeidh sé sainráite ag an gComhairle ina leith go bhfuil sí faoi rún, maidir le faisnéis áirithe nó maidir le faisnéis d'aicme nó de thuairisc áirithe, agus

(*b*) tograí de chineál tráchtála.

**13.—**Aon duine a bheidh ciontach i gcion faoi *alt 11* nó *12*, dlífear fíneáil nach mó ná £1,500 (€1,904) nó téarma príosúnachta nach faide ná 6 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi. Pionóis.

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
Le ceannach díreach ó
FOILSEACHÁIN RIALTAIS,
BÓTHAR BHAILE UÍ BHEOLÁIN, CILL MHAIGHNEANN,
BAILE ÁTHA CLIATH 8, D08 XAO6.
Teil: 046 942 3100
r-phost: publications@opw.ie
nó trí aon díoltóir leabhar.

DUBLIN
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE
To be purchased from
GOVERNMENT PUBLICATIONS,
MOUNTSHANNON ROAD, KILMAINHAM,
DUBLIN, D08 XAO6.
Tel: 046 942 3100
Email: publications@opw.ie
or through any bookseller.

€1.27

9 781399 308724